Caoineadh na Cruinne

Machnamh Tréadach ar an Athrú Aeráide ó Chomhdháil Easpag Caitliceach Éireann

COMHDHÁIL EASPAG
CAITLICEACH ÉIREANN
IRISH CATHOLIC BISHOPS' CONFERENCE

Caoineadh na Cruinne

Machnamh Tréadach ar an Athrú Aeráide ó Chomhdháil Easpag Caitliceach Éireann

COMHDHÁIL EASPAG
CAITLICEACH ÉIREANN
IRISH CATHOLIC BISHOPS' CONFERENCE

A Dhia, ár nAthair, oscail ár súile chun go bhfeicfimid do lámh ag obair i mbreáthacht an chruthú agus in áilleacht beatha an duine. Is naofa é an domhan de bharr teagmháil do láimhe.

– An Chéad Phaidir

Aifreann don seachtú Domhnach déag Saor

Réamhrá

DIA, FOINSE NA maireachtála, na gluaiseachta agus na beatha a thug bronntanas agus áilleacht na cruinne dúinn. Is ó chroí ghrámhar an chruthaitheora gan teorainn, a ghluaiseann an cruthú. Is beannaithe é an domhan, mar gur thadhaill lámh Dé leis.

Tá an domhan coimpléascach freisin. Tá córais bheatha an domhain idirspléach agus cothromaithe go fíneálta. Tig le hathruithe beaga i rithimí agus i gcórais éagsúla na cruinne, torthaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith drámata, a chur i bhfeidhm ar an domhan ar fad agus ar na hainmhithe a mhaireann air. Seo í an chúis go bhfuil athrú aeráide domhanda ar cheann de cheisteanna criticiúla na linne seo. Beidh tionchar ar an fhreagairt a thugaimid do athrú aeráide ar an méid atá in ann do gach duine agus do gach ní beo ar an domhan.

San imlitir *Caritas in Veritate* cuireann an Pápa Beinidict XVI i gcuimhne dúinn gur "bronntanas ó Dhia do gach duine atá sa chomhshaol, agus fad a bhainimid úsáid as tá freagaireacht againn do na bochtáin, do na glúinte atá le teacht agus don chinne daonna i gcoitinne... Tá freagracht ag an Eaglais don chruthú agus tá cúram uirthi an fhreagracht seo a fhógairt sa réimse poiblí" (uimhreacha 48 agus 51).

Sa mhachnamh tréadach seo tugtar cuireadh do dhaoine, do pharóistí agus do gach duine ionraic machnamh a dhéanamh ar "an chonradh idir daoine daonna agus an timpeallacht, conradh a thaispeáineann grá cruthaitheach Dé, an foinse agus an ceann scríbe atá againn" (*CV* uimh. 50). Cuireadh atá ann machnamh a dhéanamh ar an dúshlán atá san athrú aeráide agus ar na ghníomhartha ar féidir linn a ghlacadh chun dul i ngleic leis na torthaí indiúltacha.

Breathnaíonn an chéad chuid den mhachnamh tréadach seo ar an eolaíocht a bhaineann le hathrú aeráide. Cé nach gcreideann gach eolaí gur gníomhaíocht dhaonna is cúis le hathrú aeráide, tarraingíonn an machnamh seo ar anailís formhór eolaithe um athrú aeráide a chreideann go bhfuil a léithéid de nasc ann. Cuirtear san áireamh an anailís atá le fáil ó ghrúpaí Idirnáisiúnta eolaithe cosúil le Painéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, an Ghníomhaíocht um Chaomhnú Comhshaoil in Éirinn agus na saineolaithe Éireannacha ar athrú aeráide a chuamar i gcomhairle leo. I gcomhthéasc an chomhdhearcaidh mhillteanaigh atá ann idir eagraíochtaí inchreidte sa bhaile agus sa choigrích atá ag obair sa réimse seo, ciallaíonn an prionsabal réamh-aireach gur cóir dúinn frithghníomhú anois don baol atá ann ón nasc sochreidte idir chineálacha áirithe ghníomhaíochtaí daonna agus torthaí millteanacha ó athrú aeráide, mórdhíobháil a dhéanamh. Breathnaíonn an dara chuid den mhachnamh tréadach seo ar théama an chomhshaoil nádúrtha mar 'obair iontach an chruthaitheora a choimeádann "gramadach" a léiríonn critéir conas úsáid eagnaí in ionad dúshaothrú a bhaint aisti' (*CV* uimh.48). Tairgíonn an machnamh seo smaointe éagsúla ó na Scrioptúir Bheannaithe, ó phrionsabail eiticiúla ríthábachtacha agus ó théamaí Teagasc Sóisialta na hEaglaise Caitlicí, a spreagann agus a threoraíonn ár ngairm mar mhaoir ar chruthú Dé.

Mar chríoch, tairgíonn an machnamh tréadach seo ghníomhaíochtaí praiticiúla ar féidir le daoine indibhidiúla, le paróistí agus le gníomhuithe eile a dhéanamh chun tionchar a lán de na gníomhachtaí laethúla atá againn ar an chomhshaol nádúrtha agus, uime sin, ar an aeráid domhanda, a laghdú. Tá páirt le glacadh ag cách nuair a thugtar faoi dhúshlán an athrú aeráide. Tá luach intreach ag gach gníomh, is cuma chomh beag, a thógtar i bhfabhar timpeallacht chóir inbhuanaithe a chothú. Cuidíonn gach gníomh domhanda, chomh maith le gach gníomh aonarach a ghlacann páirt i mbunfhorás daonna, le timpeallacht inbhuanaithe a chothú agus le domhan níos fearr a choimeád.

I mbriathra an-láidir an Phápa Beinidict XVI: 'Tugann sé seo cuireadh don sochaí faoi láthair léirmheas tromchúiseach a dhéanamh ar an cineál saoil atá ann in a lán áiteanna agus atá tugtha don héadónachas agus don tomhaltachas gan aird ar na hiarmhairtí díobhálacha. Tá aistriúchán éifeachtúil ag teastáil san aigne chun go nglacfar le *nósanna maireachtála nua* ina mbeidh tóraíocht ar an fhírinne, ar an áilleacht, ar

mhaitheas agus ar chomhpháirteachas le daoine eile ar son forás coitianta, ar na tosca a shochraíonn rogha tomhaltóirí, coigilteas agus infheistíocht' (uimh. 51).

Ag tabhairt buíochas le Dia as ucht bronntanas a chruthú, tugaim spreagadh do gach duine deathola machnamh práinneach a dhéanamh ar conas is féidir linn oibriú le chéile chun cúram freagrach níos mó a ghlacadh leis an pláinéad anois ar son na glúinte gan bhreith.

An Cairdinéal
Seán Mac Brádaigh
Uachtarán Chomhdháil Easpag Caitliceach Éireann

‘Tá aistriúchán éifeachtúil ag teastáil san aigne chun go nglacfar le *nósanna maireachtála nua* ina mbeidh tóraíocht ar an fhírinne, ar an áilleacht, ar mhaitheas agus ar chomhpháirteachas le daoine eile ar son forás coitianta, ar na tosca a shochraíonn rogha tomhaltóirí, coigilteas agus infheistíocht.’

– Pápa Beinidict XVI

Roinnt Smaointe ar an Athrú Aeráide

Bíonn daoine in Éirinn ag caint de shíor faoin aimsir toisc go bhfuil sí chomh athraitheach sin. Cé nach gciallaíonn a dhó nó fiú trí samhraí fliucha i ndiaidh a chéile go bhfuil athrú aeráide ag tarlú, is léir go bhfuil athrú aeráide ann má bhíonn aimsir bhreá ann i rith an gheimhridh le fiche nó tríocha bliain as a chéile. Beidh tionchar suntasach ag athruithe beaga san aeráid ar an tír seo agus ar réigiúin eile an domhain.

TÁ AN DOMHAN AG ÉIRÍ NÍOS TEO

Maidir le heolaithe ar an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), tá athrú aeráide ag tarlú cheana féin. Tá an domhan ag éirí níos teo. Thug na heolaithe ar an IPCC tuairisc le déanaí a dúirt:

- Go bhfuil meánteocht an domhain 0.74 céim Celsius níos airde ná mar a bhí sé céad ó shin;
- Go raibh an leathchéad bliain seo caite ar an tréimhse is teo ar an chuid ó thuaidh den phláinéad i rith an 1,300 bliain atá thart;
- Go bhfuil teocht na hÉireann ag dul i méid níos tapúla ná an teocht i réigiúin eile an domhain. Cé go raibh geimhreadh na bliana 2008-2009 ar an gheimhreadh ba fhuaire le 30 bliain, tá na geimhrí faoi láthair níos boige ná mar a bhí 50 bliain ó shin.

AN CÚIS GO BHFUIL AN DOMHAN AG ÉIRÍ NÍOS TEO

Cuidíonn tosca éagsúla leis na hathruithe i dteocht na cruinne. Tarlaíonn athruithe áirithe go nádúrtha. Tarlaíonn athruithe eile go timthriallach agus leanann an próiseas ar feadh na mílte bliain. Níos minicí ná a chéile, áfach, aontaíonn na heolaithe gurb é an toisc is mó a théann i gcionn ar athrú aeráide ná gáis 'cheaptha teasa' saorga a bheith á lódáil ar an atmaisféar againn.

Tá sraith thanaí de gháis ‘cheaptha teasa’ áirithe in atmaisféar an phláinéad agus is iad na comhpháirteanna is mó ná:

- Galuisce
- Dé-ocsaíd charbóin
- Meatán
- Ocsaíd nítriúil
- Ózón.

Na gáis ‘cheaptha teasa’ is cúis le meán teocht na cruinne a bheith +15 céim Celsius faoi láthair. Tugann an teocht seo tosca dúinn atá fabhrach don bheatha ilghnéitheach iontach atá againn ar an bpláinéad inniu. Bheadh meán teocht na cruinne i bhfad faoin reophointe gan na gáis seo.

Tá leibhéal na ngás cheaptha teasa san atmaisféar againn ag dul i méid, áfach, agus de réir a chéile méadaítear ar theocht na cruinne agus ar an athrú aeráide.

Dhírigh an IPCC agus eagraíochtaí eolaíocha eile aire faoi leith do na nithe seo a leanas:

- Tá leibhéal na ngás cheaptha teasa ag dul i méid ó thús na Réabhlóide Thionsclaíoch, 250 bliain ó shin;
- Tá na leibhéil níos airde anois i gcomparáid le tréimhse ar bith le 650,000 bliain anuas;
- Creidtear gur dó breosla iontaise, cleachtadh atá lárnach do shaol agus do gheilleagar na linne seo, is cúis le seo.

TORTHAÍ TÉAMH DOMHANDA

Má leanann an treocht aníos i dtéamh domhanda, deir eolaithe an IPCC agus eolaithe eile go mbeidh torthaí tromchúiseacha in ann don phláinéad agus don chine daonna le scór blianta atá le teacht. Ar na torthaí:

- D'fhéadfadh le hardú céim nó dhó Celsius sa teocht, deireadh a chur le trian de speicis na cruinne;
- D'fhéadfadh méadú i líon na dtonn teasa, i dtuilte, i stoirmeacha, i dtinte agus i dtriomaigh, bás agus dí-áitiú a chur in ann do na céadta milliún daoine;
- Thiocfadh méadú ar fhadhbanna dianshláinte ó mhíchothú agus ó ghalair veicteoir iompartha;
- Coinbhleachtaí i leith acmhainní, cosúil le huisce, ag dul in ísle;
- Bheadh cruatan in ann do háitritheoirí in a lán de chathracha móra na cruinne de bharr tuilte;
- Beidh tionchar ag na hoighearshruthanna sna Himiléithe, atá ag cúlú, ar shlí bheatha dhá bhilliún daoine san Áise agus déanfar dídeanaithe timpeallachta as na milliún daoine;
- D'fhéadfadh táirgeacht na talmhaíochta san Afraic, atá ag brath ar an mbáisteach, titim caoga faoin gcéad. Laghdóidh aon ardú teochta táirgeacht na mbarraí, gránbharra ach go háirithe, in a lán áiteanna ar fud na cruinne;
- Beidh tuilte móra i dtíortha trópaiceacha áirithe atá faoi thoinn de bharr éirí mara, go mór mór sna réigiúin deilte, áit a bhfuil a lán daoine, san Áise, san Afraic agus i Meiriceá Laidineach.



Má leanann an treocht aníos i dtéamh domhanda bheadh cruatan in ann do háitritheoirí in a lán de chathracha móra na cruinne de bharr tuilte.

NA TORTHAÍ ÓN ATHRÚ AERÁIDE D'ÉIREANN

Tonnta Teasa

Deir na heolaithe go bhfuil méadú 0.7 céim Celsius curtha leis an meán teocht in Éirinn i rith an chéid atá imithe. Dar leo freisin go dtiocfaidh méadú 2 chéim Celsius ar theocht na hÉireann roimh lár an chéid seo. Sa bhliain 2050 d'fhéadfadh an meán teocht i ndeisceart agus in iarthar na hÉireann i rith mí Eanáir a bheith cothrom le 8 gcéim Celsius. Ciallaíonn sé seo go mbeidh taithí againn ar níos mó tonnta teasa.

Báisteach

Déantar réamhaisnéis freisin go dtiocfaidh méadú iomlán ar an mbáisteach, ach go háirithe i rith an gheimhridh. Beidh súil leis an méadú is mó in iarthuaisceart na tíre. Beidh oirthear na tíre, áit a bhfuil formhór den daonra, níos tirime. Cuirfidh sé seo brú láidir ar údaráis phoiblí uisce óil a sholáthar do Bhaile Átha Cliath agus do na cathracha agus bailte eile in oirthear na tíre.

Talmhaíocht

Deir na heolaithe go mbeidh tionchar ag an nganntanas uisce ar an talmhaíocht agus go mbeidh sé níos deacra prátaí a fhás. Beidh suas le 20% de phlandaí dúchasacha na hÉireann i mbaol díothaithe de bharr na hathruithe réamh-mheasta.

Tá na fáistiní seo bunaithe ar ardú teochta tuartha de dhá chéim Celsius i meán teocht na cruinne. Táimid beagnach leathshlí ar an mbealach chuig an ceann scríbe criticiúil sin.

Thug Dia bronntanas don domhan álainn seo dúinn mar áit chónaithe. Soláthraíonn an domhan a chruthaigh Dia gach ní dúinn atá riachtanach don saol folláin. Thug Dia intleacht agus scil dúinn chomh maith le cúram a thabhairt don domhan.

AN CRUTHÚ MAR BHRONNTANAS AGUS MAR FHREAGRACHT

Is údar imní spioradálta agus morálta do lucht leanúna Íosa Críost, an athrú aeráide.

Thug Dia bronntanas don domhan álainn seo dúinn mar áit chónaithe. Soláthraíonn an domhan a chruthaigh Dia gach ní dúinn atá riachtanach don saol folláin. Thug Dia intleacht agus scil dúinn chomh maith le cúram a thabhairt don domhan. Tabhartar chun chuimhne dúinn i leathanaigh tosaigh an Bhíobla gur thug Dia an duine agus chuir i ngairdín Éidin é 'chun é a shaothrú agus aire a thabhairt dó'

(Gein 2:15). Sa teanga bhunaidh, tugann na focail thuas le tuiscint gur glaoch atá iontu dul i gcúram an domhain agus é a chosaint ón díobháil.

I mbriathra an Phápa Beinidict XVI: 'Tá tréithe agus grá an Chruthaitheora don chine daonna le haithint sa dúlra (féach Rómh 1:20). Séard atá i ndán dó ná go mbeidh sé "ath-cheannaithe" i gCríost ag deireadh an tsaoil. Tá "gairm bheatha" aige freisin... bronntanas ón chruthaitheoir a thug ord ionsuite dó chun chur ar chumas an duine... "é a shaothrú agus aire a thabhairt dó" (Gein 2:15)' (CV uimh. 48).

Tugann Leabhar Iób chun cuimhne dúinn freisin go bhfuil eagna Dé leabaithe sa domhan (Iób 38:2 ar lean). Deir Leabhar na hEagna linn go bhfuil grá ag Dia do gach uile ní atá ann óir tá a 'spiorad domhillte féin i ngach uile ní' (Eagna 11:24-12:1).

Glaonn na sailm go minic ar áilleacht agus ar iontas an chruthú mar chúis dúinn moladh agus glóir a thabhairt do Dhia.

Creidimid gur tháinig an domhan dea-álainn seo ó chomhluadar an ghrá atá sa Dia Trí-aonta: Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Gníomh de ghrá Dé atá sa chruthú. Tugtar dúinn é mar saor-bhronntanas.

I mbriathra an Phápa Beinidict XVI: 'Bronntanas ó Dhia do gach duine atá sa timpeallacht, agus tá freagracht orainn í a úsáid ar son na mbochtán, ar son na nglún atá le teacht agus ar son an chine daonna i gcoitinne... Má théann an dearcadh seo in éag déanfaimid breithniú ar an dúlra, ar thaobh amháin, mar gheis seachanta agus ar an taobh eile mar ní mí-úsáideach. Níl ceachtar dearcadh thuas ag dul leis an bhfís Chríostaí a thugann aird ar an dúlra mar thoradh chruthú Dé' (CV uimh. 48).

Tugann meas do shláine an dúlra le tuiscint dúinn gur cóir an éirim aigne agus an réasún a úsáid chun tuiscint a bheith againn ar an domhan agus ar fheidhmiú na cruinne. Tá sé riachtanach go ndéanaimid iarracht ar dtús, a thuiscint cén fáth go bhfuil teocht an domhain ag dul in airde agus ansin go ndéanaimid beart go práinneach agus go freagrach chun comhtheacht agus inbhuaine chruthú Dé a chothú.
.

‘Bronntanas ó Dhia do gach duine atá sa timpeallacht, agus tá freagracht orainn í a úsáid ar son na mbochtán, ar son na nglún atá le teacht agus ar son an chine daonna i gcoitinne …’

– Pápa Beinidict XVI

AN GLAOCH CHUIG 'TIONTÚ ÉICEOLAÍOCH'

I dteachtaireacht an Phápa Eoin Pól II le haghaidh Lá Domhanda na Síochána 1990, chomhairligh sé go raibh comhréireacha géarchéime sroichte ag an 'iarmhairt cheaptha teasa' de bharr torthaí i bhforáis tionscal, de bharr comhchruinniú mór uirbeach agus de bharr riachtanais fuinnimh atá méadaithe go mór. Lean sé ar aghaidh ag glaoch chuig 'tiontú éiceolaíoch' agus ag taispeáint 'nach mbeidh réiteach le fáil ag an sochaí nua-aimseartha ar an fhadhb éiceolaíoch mura mbeartóidh sé iniúchadh dáiríre a dhéanamh ar a nósanna maireachtála'. Cuirtear san áireamh meon a chothú a bheidh 'simplí, measartha agus smachtaithe chomh maith le spiorad na féiníobartha... i dtreo is nach mbeidh torthaí nósanna míchúramacha an mhionlaigh le fulaingt ag gach duine'.

Le déanaí leag an Pápa Beinidict béim ar 'Buanchoimeád na timpeallachta, cothú forbairt inbhuanaithe agus aire faoi leith don athrú aeráide ar na toscaí is cúram tromchúiseach don chine daonna i gcoitinne. Ní féidir le náisiún ar bith, le fearann eacnamúil ar bith', a dúirt sé, 'na himpleachtaí eiticiúla a ghabhann le gach forbairt eacnamúil agus le gach forbairt shóisialta a sheachaint' (*Litir chuig Parthalán, an Paitriarc Éacúiméineach*, 1ú Meán Fómhair 2007).

Tá na himpleachtaí sóisialta agus na himpleachtaí timpeallachta ag éirí níos soiléire de réir a chéile muna dtugaimid aire dóibh.

Freagairt Chríostaí

Tá treoirphrionsabail eiticiúla chun freagra a thabhairt do dhúshlán an téamh domhanda ar fáil sa traidisiún morálta Caitliceach agus sa foirceadal sóisialta atá bunaithe ar theagasc an tSoiscéil ar dhínit an duine agus ar ghrá Dé don chruthú ar fad. Tá go leor dóibh seo le fáil in *Achomaireacht de Theagasc Sóisialta na hEaglaise*. Áirithe ann tá:

AN LEAS COITEANN

- Áit chónaithe choiteann atá againn ar domhan. Is ar scáth a chéile a mhairimid agus tá freagracht chomónta againn maidir le leas córais bheatha na cruinne.
- Braitheann leas an duine ar leas an phobail. Tá freagracht ag gach duine maidir le leas an chomharsan agus maidir le 'gréasán' na beatha a thugann taca do bheatha an tsaoil seo a chaomhnú.
- Tá ráite againn cheana sa tréadlitir *Chuig Leas an Choitinn Domhanda*, 'go bhfuil gá ann go n-oibreodh náisiúin le chéile agus go mbeidh riachtanais ann méadaithe gearrthéarmacha nó fiú leas náisiúnta a sheachaint ar son leas an choitinn domhanda' (uimh. 4).
- D'fhéadfadh le gníomhaíocht na linne seo an bonn a bhaint de leas na milliún daoine, ach go háirithe na bochtáin, agus daoradh a thabhairt do na glúine atá le teacht maireachtáil ar phláinéad breoite.
- Tá freagracht leithleach againn, leis an teicneolaíocht chumhachtach atá ann, an teicneolaíocht seo a úsáid ar son leas agus inbhuaine gach créatúr beo, ar son an atmaisféir, ar son na talún agus le leas an uisce agus acmhainní eile nach iad.

AN CEANN SCRÍBE UILÍOCH DO EARRAÍ NA CRUINNE

- Thug an Cruthaitheoir bronntanas na cruinne don chine daonna i gcoitinne.

Tá sé riachtanach go mbeadh gníomhú pearsanta agus gníomhú áitiúil ann chun dul i ngleic le ceisteanna comónta nó le ceisteanna domhanda cosúil le hathrú aeráide.

- Tá sé de cheart ag gach duine go mbeadh fáil acu ar an méid atá uathu chun forbairt go hiomlán ar an saol seo.
- Is cóir go nglacfaí san áireamh an fhreagracht atá againn ar son leas speicis eile mar chuid den díospóireacht ar an cheann scríbe uilíoch atá ann do earraí na cruinne.
- Ní domhanda poiblí atá san aeráid agus is cóir í a chosaint.
- Ní féidir le duine nó le tír ar bith seilbh nó ceannas a ghlacadh ar an aeráid.
- Tá freagracht ag gach duine agus ag gach tír leas an choitinn domhanda a chothú agus a chosaint.
- Cothaíonn conarthaí ldirnáisiúnta ceangailteacha, a dhéanann iarracht líon na ngás cheaptha teasa san atmaisféar a laghdú, an leas coiteann.
- Tá Éire, faoi láthair, ag sárú dualgais mhórálta agus dualgais dleathacha don domhan i gcoitinne toisc go bhfuil spriocanna astú ceaptha teasa a bheith sáraithe aici.

COIMHDEACHT

- Ciallaíonn prionsabal na coimhdeachta gur cóir le gach duine nó grúpa an méid ar féidir leo a dhéanamh, go háitiúil agus ina réimsí tionchair féin, chun dul i ngleic le ceist chomónta.
- Tá sé riachtanach go mbeadh gníomhú pearsanta agus gníomhú áitiúil ann chun dul i ngleic le ceisteanna comónta nó le ceisteanna domhanda cosúil le hathrú aeráide.
- Sa tréadlitir seo déanaimid achomharc arís faoi mar a rinneamar cheana i *Chuig an Leas Coiteann Domhanda*, áit a dúramar: 'Ordú morálta atá ann go gcuirtear i bhfeidhm go tapaidh na bearta atá luaite sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2000. Tá páirt le glacadh againn go léir: teaghlaigh, scoileanna, paróistí, gnólachtaí agus an rialtas' (féach lch. 10).
- Ba chóir dúinn go léir breathnú arís ar na cleachtaí atá againn agus spriocanna atá dúshlánach a chothú i dtreo is go gcomhlíonfar ár ndualgais mhórálta chun cúram a bheith againn don chruthú.

DLÚTHPHÁIRTÍOCHT

- Ní féidir le Críostaithe breathnú orthu féin gan a ndualgais don duine eile a chur san áireamh. Tá mórán baill ann agus aon chorp amháin.
- Bíonn dlúthpháirtíocht cheart ar fáil nuair atáimid toilteanach a bheith tiomanta do leas na comharsan, do na bochtáin ach go háirithe (féach Mata 10:40-42, 20:25; Marcas 10:42-45; Lúcás 22:25-27).
- Tugann an dlúthpháirtíocht

le tuiscint go bhfuil an duine toilteanach dearmad a dhéanamh ar an bhféinleas ar son leas na comharsan agus ar son an leas coiteann.
- Cuireann an dlúthpháirtíocht dualgas orainn gníomhú go freagrach maidir le gach ní beo ar an bpláinéad seo atá i mbaol.

CEARTAS DÁILEACH

- Tá dualgas morálta ar na náisiúin saibhre, atá freagrach as formhór de thruailliú na cruinne, dóthain cúitimh a sholáthar as ucht torthaí a dtruailliú ar dhaoine eile.
- Deir an prionsabal 'íoc mar a thruaillítear' gur cóir go mbeadh na heagraíochtaí truaillithe dlite do na torthaí.
- Mar léiriú ar phrionsabal an cheartais dáiligh, tugaimid tachaíocht do thíortha saibhre, Éire ina measc, dílseacht níos mó a thabhairt don Chiste Oiriúnaithe, a cuireadh ar bun ag Creatchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCCC) chun cabhair a thabhairt do náisiúin bhochta athchóiriú a dhéanamh don athrú aeráide atá ann cheana féin.
- Tá dualgas práinneach morálta ag tíortha saibhre cosúil le hÉire cúnamh a thabhairt do thíortha bochta dul i ngleic le toradh téamh domhanda. Ní ceart go ligfí don donas eacnamaíoch atá againn faoi láthair an bonn a bhaint de na gealltanais atá againn cabhair fhorásach Idirnáisiúnta a sholáthar nó go laghdófaí ar an bhfreagracht ghinearálta atá againn cabhair a thabhairt do thíortha bochta bunfhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach.
- Tá cumas ag iarmhairt domhanda an teip atá againn, gan na spriocanna faoi phrótacal Kyoto a chomhlíonadh, an bonn a bhaint dár dtairbhe i gcúnamh forásach idirnáisiúnta.
- Tugaimid spreagadh do Rialtas na hÉireann agus don chomhluadar idirnáisiúnta, deimhin a dhéanamh de go gcuirfear ar fáil go leor de theicneolaíochtaí saor ó thaobh carbóin de, do thíortha bochta i dtreo is gur féidir leo forbairt inbhuanaithe a bhaint amach gan a bheith ag brath ar theicneolaíocht ardcharbóin.
- I mbriathra an Phápa Beinidict XVI: 'Tá dualgas práinneach ag an chomhluadar idirnáisiúnta slí institiúideach a fháil chun dúshaothrú na n-acmhainní neamh-inathnuaite a rialú. Is cóir baint a bheith ag tíortha bochta sa phróiseas chun pleanáil le chéile don todhchaí... tá riachtanais phráinneacha morálta ann

dlúthpháirtíocht athnuaite a sholáthar, ach go háirithe ó thaobh gaolta idir thíortha forbraíochta agus tíortha tionsclaithe de' (*CV* uimh. 49).

ÁR nOIDHREACHT CHUIG NA GLÚINTE ATÁ LE TEACHT

- Tugann an dlúthpháirtíocht le tuiscint freisin gur cóir gníomhú de réir ceartais anois chun go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ann do na glúinte atá le teacht.
- Tá freagracht mhórálta againn ceartas i gcúram na cruinne a chur i láthair ó ghlúin go glúin.
- I mbriathra an Phápa Beinidict XVI: 'Tá áit ann do chách ar an domhan seo: is anseo a chaithfidh an comhluadar daonna iomlán na hacmhainní a fháil, le cabhair an dúlra féin – bronntanas Dé dá chlann – chun maireachtáil le dínit, le hobair chrua agus leis an chruthaitheacht. Ag an am gcéanna is cóir dúinn an dualgas tromchúiseach atá orainn a aithint chun domhan a thabhairt do na glúinte atá le teacht i riocht gur féidir leo maireachtáil ann agus gur féidir leo é a shaothrú' (*CV* uimh. 50)
- Má theipeann orainn anois dul i ngleic le téamh domhanda agus le ceist na hinbhuanaitheachta, tá an baol ann go mbeidh réigiúin an domhain do-áitrithe do dhaoine.
- Beidh toradh díobhálach ag úsáid breoslaí iontaise na linne seo ar bheatha na glúinte atá le teacht.
- Deir an prionsabal réamhchúramach gur cóir dúinn beart coisctheach a dhéanamh anois chun torthaí a d'fhéadfadh a bheith scriosach a sheachaint amach anseo.
- Tá na himpleachtaí a bhaineann le hathrú aeráide, don chine daonna agus don phláinéad, chomh tromchúiseach sin gur cóir dúinn na foláirimh ó na heolaithe a ghlacadh go trom agus iompraíocht oiriúnaitheach a ghlacadh.
- I mbriathra an Phápa Beinidict XVI: 'Tugann sé seo cuireadh don sochaí faoi láthair léirmheas tromchúiseach a dhéanamh ar an cineál saoil atá ann in a lán áiteanna agus atá tugtha don héadónachas agus don tomhaltachas gan aird ar na hiarmhairtí díobhálacha. Tá aistriúchán éifeachtúil ag teastáil san aigne chun go nglacfar le nósanna maireachtála nua ina mbeidh tóraíocht ar an fhírinne, ar an áilleacht, ar mhaitheas agus ar chomhpháirteachas le daoine eile ar son forás coitianta, ar na tosca a shochraíonn rogha tomhaltóirí, coigilteas agus infheistíocht' (CV uimh. 51).

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn an t-arán seo a ofrálaimid duit. An talamh agus saothar an duine a thugann é mar thoradh agus déanfar de arán na beatha dúinn.

Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn an fíon seo a ofrálaimid duit. An fhíniúin agus saothar an duine a thugann é mar thoradh, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.

– Ó 'Ofráil' an Aifrinn

An bhfuil aon Dóchas ann?

Is é aiséirí Íosa foinse an dóchais don chruthú ar fad. Tá an cruthú ar fad Aontaithe i gCríost agus dá bharr sin tá todhchaí aige i nDia. Tá an dóchas seo daingnithe i láithreacht an Spioraid sa domhan seo againn ón túsphointe cruthaithe. Creidimid go bhfuil an Spiorad Naomh, 'tiarna agus bronntóir na beatha', ag spreagadh daoine anois chun a bheith tiomnaithe 'aghaidh na talún a athnuachan' trí sheirbhís dlúthpháirtíochta a thabhairt do dhaoine eile agus trí shaol inbhuanaithe, atá fréamhaithe sa teagasc sóisialta Caitliceach, a chaitheamh de réir ceartais.

Táimid tumtha sa dóchas seo ag an Eocairist. Tarraingíonn sé sinn isteach sa cheiliúradh agus isteach i dtrasfhoirmiú gach a thugann 'an talamh agus saothar an duine mar thoradh'. Cuireann sé dúshlán fúinn earraí na cruinne a roinnt ar a chéile, agus iad a roinnt ach go háirithe ar na bochtáin, agus cuirtear dúshlán fúinn freisin cúram a bheith againn do leas gach créatúr agus do leas an phláinéid. Mar a n-athraítear an t-arán agus an fhíon i gCorp agus i bhfuil Chríost chun cothú a thabhairt dúinn, tarraingítear sinn i gcomaoin síordhomhain leis an dTríonóid Naofa, le baill an chine daonna atá imithe romhainn agus atá ann faoi láthair agus le cruthú Dé i gcoitinne.

.

FINNÉITHE DON DÓCHAS AGUS DON IOMPÚ ÉICEOLAÍOCH

Sa bhliain 1979, d'fhógair an Pápa Eoin Pól II, naomh Proinsias Assisi, mar éarlamh na héiceolaíochta. Níor bhreathnaigh Proinsias ar an domhan nádúrtha ó thaobh na húsáideachta amháin de, is é sin an dóigh a sholáthraíonn sé bia, éadaí agus dídean do dhaoine. Ní hea, ach ba iad lúcháir,

iontas, moladh agus buíochas an fhreagairt a bhí aige do bhronntanas an chruthú. Ceann de na hoidhreachtaí is mó a thug Proinsias dúinn ná gur leathanaigh sé ar choincheap na 'comharsan' chun an cruthú ar fad agus na créatúir ar fad a chur san áireamh, seachas an cine daonna amháin.

Thaispeáin a lán de na naoimh Ceilteacha, naoimh cosúil le Pádraig, Ciarán, Bríd, Colm agus Colm Cille, sainghrá do chréatúir Dé. I litir ar an ngrásta a scríobh Naomh Colm Cille dúirt sé: 'Má theastaíonn uait aithne a chur ar Dhia, foghlaim faoina chréatúir'.

Tá an t-am ag imeacht. Is gá beart a dhéanamh anois ar ár son féin, ar son na glúinte atá le teacht agus ar son todhchaí ár bpláinéad.

Sa phacáiste athrú aeráide a ghabhann leis an machnamh tréadach seo, chuireamar acmhainní ar fáil chun tachaíocht a thabhairt do dhaoine, do theaghlaigh, do pharóistí, do scoileanna agus dóibh siúd go léir a theastaíonn uathu machnamh níos doimhne ar an ábhar seo agus ar mian leo freisin féachaint chuige, go praiticiúil, conas dul i ngleic le torthaí díobhálacha an téimh domhanda. Déanaimid achomharc do gach duine, agus sinn féin san áireamh, dúshlán a chur anois faoi cheist an athrú aeráide ar son an glúinte seo agus ar son na glúinte atá le teacht. I mbriathra an Phápa Beinidict XVI: 'Ní amháin gur gá dúinn an domhan a chosaint ach is cóir an uisce agus an aer a chosaint freisin mar is bronntanais chruthaithe iad a bhaineann le cách. De bhreis ar na nithe seo is gá dúinn an cine daonna a chosaint ón bhféinscrios' (*CV* uimh. 51).

Tabhair dúinn, a Thiarna, an chiall chun aire a thabhairt don domhan agus chun é a shaothrú.
Cabhraigh linn beart a dhéanamh anois ar son na glúinte atá le teacht agus ar son do chréatúir ar fad.
Cabhraigh linn a bheith mar uirlisí do chruthú nua a bheidh bunaithe ar chúnant do ghrá. Áiméan

Ó Lúireach Phádraig

ÉIRÍM INNIU;
Trí neart tréan, glaoch ar an dTríonóid,
Trí chreideamh i dTriaracht,
Trí admháil Aonacht
Ag cruinniú sa Chruthaitheoir.

Éirím inniu:
Trí neart na bhFlaitheas
Solas na Gréine
Gile an tSneachta
Spleodar na Tine
Mire Lasrach
Gastacht na Gaoithe
Doimhneacht na Farraige
Seasmhacht an Domhain
Daingne na Carraige.

Críost liom, Críost romham,
Críost i mo dhiaidh, Críost ionam,
Críost fúm, Críost os mo chionn,
Críost ar mo dheis, Críost ar mo chlé,
Críost mar a luím, Críost mar a shuím,
Críost mar a n-éirím,
Críost i gcroí gach duine a smaoiníonn orm!
Críost i mbéal gach duine a labhraíonn liom!
Críost i súil gach duine a fhéachann orm!
Críost i gcluas gach duine a éisteann liom!

Trí neart tréan, glaoch ar an dTríonóid,
Trí chreideamh i dTriaracht,
Trí admháil Aonacht
Ag cruinniú sa Chruthaitheoir.

Céard is féidir lenár bParóiste a dhéanamh?

- Cuir grúpa ar bhunú sa pharóiste chun staidéar a dhéanamh ar mhachnamh tréadach na n-easpag. D'fhéadfadh na hacmhainní seo a leanas a bheith úsáideach:
- Tá 'Leagan Fada' den tréadlitir ar fáil mar chuid den phacáiste acmhainne don pharóiste, a ghabhann leis an tréadlitir seo. Tá cóip le fáil ar líne freisin, chomh maith le hacmhainní tacaithe eile ag www.catholicbishops.ie
- Tá machnamh deich nóiméid ar DVD ar théama 'cúram do chruthú Dé' ar fáil mar chuid de phacáiste acmhainne an pharóiste. Is féidir féachaint ar an DVD mar mhachnamh amháin nó is féidir é a roinnt i dtrí mhachnamh gearra, bunaithe ar na téamaí ghinearálta seo a leanas:
  - → Áilleacht Chruthú Dé;
  - → Cúram do Chruthú Dé;
  - → Ómós do Chruthú Dé sa traidisiún Ceilteach.

  Tá machnamh deich nóiméid, táirgthe ag Trócaire, ar an ngaol atá ann idir chúram do chruthú Dé agus riachtanais an domhain forbraíochta, ar fáil freisin mar chuid speisialta den *Mhachnamh Tréadach ar an Athrú Aeráide* ar láithreán Gréasáin Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann, www.catholicbishops.ie
- Tacaíocht a thabhairt do Fheachtas Trócaire ar an Athrú Aeráide leis an cárta poist, a ghabhann leis an mhachnamh tréadach seo, a shiniú agus a sheoladh ar ais. Cuirfidh Trócaire sonraí na ndaoine a shínigh na cártaí seo ar aghaidh chuig na hionadaithe tofa a bheidh i láthair ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide i gCóbanávan, an Nollaig seo chugainn. Tá Trócaire ag iarraidh ar thíortha saibhre níos mó a dhéanamh chun tacaíocht

‘Is glao é seo freisin…Bíonn tionchar ag an modh a théann an cine daonna i ngleic leis an timpeallacht ar an modh a phléann sé leis féin, agus a mhalairt go cruinn’.

– Pápa Beinidict XVI, (*Caritas in Veritate*, uimh. 48 agus 51)

a thabhairt do thíortha bochta cur in oiriúint do na himbhuailtí millteacha atá ann i bpáirteanna den domhan forbraíochta ó thaobh athrú aeráide de. Léiriú tábhachtach den phrionsabal dlúthpháirtíochta, mínithe sa tréadlitir seo, atá sa bhFeachtas.

- Cuir ‘Iniúchadh Timpeallachta’ ar bun sa pharóiste. B’fhéidir go n-áireofar:
  - Grúpa a chur ar bun a bheidh freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar an chleachtas timpeallachta atá ann faoi láthair;
  - Polasaí timpeallachta a dhréachtú;
  - Monatóireacht ar thargaidí a dhéanamh agus cleachtas fónta sa pharóiste a chur chun cinn.
- Tabhair cuireadh do theaghlaigh, do scoileanna agus do dhaoine eile sa pharóiste, áireamh a dhéanamh ar an lorg carbóin atá acu agus iarr orthu spriocanna a bhunú chun lorg na n-astuithe carbóin a laghdú. Tá roinnt ‘áireamháin charbóin’ le fáil ar líne ag www.change.ie agus ag www.carboncalculator.co.uk
- Aontaigh gach bliain le ‘Eaglaisí le Chéile sa Bhreatain agus in Éirinn’ (CBTI) chun ceiliúradh a dhéanamh ar thionscnamh an ‘Tréimhse Chruthaithe’. Leanann an ceiliúradh seo ón chéad lá de Mheán Fómhair go dtí an Domhnach i ndiaidh Féile Naomh Proinsias Assisi. Tá eolas agus acmhainní le fáil ag www.cbti.org.uk
- Cláraigh i gclár na timpeallachta um Éiceachomhthionól Éireannach, do na heaglaisí. Cuireann an clár seo acmhainní agus moltaí praiticiúla ar fáil do na hEaglaisí agus do Chríostaithe Indibhidiúla ar mian leo a ‘nglao’ chun cúram a thabhairt do chruthú Dé, mar chuid den chreideamh Críostaí, a fhreagairt.
- Cuir téama ‘cúram chruthú Dé’ san áireamh in aithisc, i bpaidreacha an phobail agus i scrúdaithe coinsiasacha.

- Bíodh taispeántí agus gníomhaíochtaí eile agat sa pharóiste ó am go chéile bunaithe ar théama ‘cúram chruthú Dé’. Cuir sonraí faoi thionscnaimh atá ar bun nó faoi thógáil atá ar bun i nuachtlitir an pharóiste go minic.
- Áirithe sna gníomhuithe praiticiúla a d’fhéadfá a thabhairt fúthu i dteaghlaigh, sa pharóiste agus i scoileanna agus in eagraíochtaí an pharóiste tá:
- Tar éis iniúchadh fuinnimh a bheith críochnaithe agat déan monatóireacht ar úsáid thíosach an fhuinnimh;
- Déan iniúchadh ar conas a d’fhéadfá úsáid níos mó a bhaint as foinsí inathnuaite fuinnimh;
- Déan measúnú ar leibhéal na dramhaíola ginte agus cuir spriocanna i bhfeidhm chun dramhaíl a laghdú;
- Bain úsáid as ábhair atá athchúrsáilte nó in-athchúrsáilte nuair is féidir. Mar shampla:
  - Ná baintear úsáid as cupáin phlaisteacha agus gléasanna eile aon uaire ag eachtraí an pharóiste;
  - Bain úsáid as coinnle scrínte atá in-athchúrsáilte. Iarr ar do sholáthraí iad a sholáthar;
  - Bain úsáid as ábhair ghlantóireachta atá neamhdhíobhálach don timpeallacht;
  - Bain úsáid as páipéar athchúrsáilte. Déan measúnú ar úsáid na bhfeasachán agus ar úsáid na mbilleog Aifrinn agus déan iniúchadh ar inmharthanacht roghanna eile a bheadh níos éifeachtúla ó thaobh na timpeallachta de;
  - Bain úsáid as iomlán an leathanaigh nuair atá litreacha agus doiciméid eile á gclóscríobh agat.
  - Déan athbhreithniú ar na réamhshocruithe imeallacha atá ar bhogearraí do ríomhaire chun breisúsáid a bhaint as an leathanach.
- Déan measúnú ar na comhshuíomhanna atá sa pharóiste, in áiteanna logánta agus sa bhaile, féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint astu chun crainn a chur nó chun tionscadail chaomhnaithe a chothú.
- Téigh i ngleic le grúpaí reachtúla, le grúpaí saorálacha agus le grúpaí an phobail atá gar duit chun iniúchadh a dhéanamh conas is féidir libh obair as lámh a chéile chun an timpeallacht áitiúil a fheabhsú agus chun cleachtas comhshaoil maith a chothú.
- Bíodh teastas fuinnimh le feiceáil in ionad feiceálach sa pharóiste. Ó Eanáir na bliana 2009 tá sé riachtanach ag gach foirgneamh poiblí in Éirinn, atá os cionn achar míle méadar cearnaithe, teastas

> ‘DEC’ (Teastas Taispeánta Fuinnimh), a léiríonn grádú éifeachtacha fuinnimh, a thaispeáint. Le sonraí breise a fháil féach ar www.sei.ie nó déan teagmháil le Fuinneamh Inmharthana Éireann.

Seo roinnt ghníomhartha praiticiúla a d’fhéadfá dul i ngleic leo. Nuair atá breith á thabhairt agat ar an méid gur féidir leat a dhéanamh tabhair briathra an Chairdinéil Mac Brádaigh sa Réamhrá chun chuimhne:

> Tá luach intreach ag gach gníomh, is cuma chomh beag, a thógtar i bhfabhar timpeallacht chóir inbhuanaithe a chothú. Cuidíonn gach gníomh domhanda, chomh maith le gach gníomh aonarach a ghlacann páirt i mbunfhorás daonna, le timpeallacht inbhuanaithe a chothú agus le domhan níos fearr a choimeád.

Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach!
bhí sé go sármhaith.

– Geineasas 1:31